# Gaeilge na Sraithe Sóisearaí – T2 MRB 2
# Sampla de Shaothar Scoláirí 03

## Ócáid mheasúnaithe: MRB2 Ag Idirghníomhú trí Ghaeilge

## Teideal an tSaothair: Droch-sheirbhís sa Bhialann

**An tasc a bhí á mheas:** Roghnaigh na scoláirí ról-imirt a chumadh agus a thaibhiú bunaithe ar dhroch-sheirbhís i mbialann.

**Formáid:** Taibhiú agus ról-imirt bunaithe ar dhrochsheirbhís i mbialann.

## Torthaí foghlama as an aonad foghlama a roghnaíodh don mheasúnú:

### Cumas Cumarsáide:

**Labhairt**

**1.13** focail Ghaeilge a fhuaimniú i slí shothuigthe chruinn.
**1.14** taitneamh a bhaint as bheith ag cumarsáid trí Ghaeilge.
**1.15** a stór focal pearsanta féin a threisiú ar ghnáthnithe agus ábhar ar spéis leis féin.
**1.18** tuairimí pearsanta a fhorbairt agus a chosaint ar nithe a bhaineann le hábhair ar spéis leis féin

**Idirghníomhú cainte**

**1.20** idirghníomhú le comhscoláirí/le húsáideoirí eile Gaeilge (agus lasmuigh de phobal na scoile)
**1.20** freagairt do theachtaireachtaí gan choinne le linn comhrá
**1.21** cumarsáid a choimeád sa súil agus déileáil le deacrachtaí tuisceana.
**1.22** soiléiriú nó athrá a lorg

**Feasacht Teanga Agus Chultúrtha**

**2.3** pátrúin teanga mar chomhréir, bhriathra, ainmfhocail &rl a aithint agus a úsáid.

**Féinfheasacht an fhoghlaimeora**

**3.3** cinntí neamhspleácha faoin bhfoghlaim a dhéanamh.

# Eispéireas teagaisc agus foghlama:

Roghnaigh na scoláirí rólimirt a chumadh agus a thaibhiú bunaithe ar dhrochsheirbhís i mbialann bunaithe ar a suim féin san ábhair agus chun siamsaíocht a chur ar fáil le linn phróiséis na MRBanna.

Chum sí lena comhscoláire comhrá agus idirghníomhú idir chustaiméir agus fostaí i mbialann. Scríobh sí script lena comhscoláire agus chleachtaigh siad go dian. D'úsáid sí foclóir a bhaineann le cúrsaí tís agus le seirbhís i mbialanna.

Rinne sí iarracht ar an script a fhoghlaim ionas nach mbeadh aon chur isteach ar an dtaibhiú. D'úsáid sí prapanna (tuáille agus babhla) chun an taibhiú a fhorbairt.

Leag an scoláire agus a comhscoláire béim ar an gcomhrá nádúrtha a bheadh idir bheirt agus iad i mbun seirbhíse a lorg agus a thabhairt.

# Nótaí tráchta an mhúinteora i dtaca leis na Gnéithe Cáilíochta do MRB2:

## Cumas cumarsáide:

Bhí cumas cumarsáide nádúrtha ag an scoláire seo. Léirigh sí dul na teanga ag leibhéal ard. Bhí réimse leathan focal ar eolas aici agus bhí leanúnachas sa chaint aici. Bhí samplaí de shaibhreas teanga le tabhairt faoi deara ina chaint go comhtháthúil.

## Tuiscint agus cumas idirghníomhaithe cainte:

Bhí sí breá ábalta na ceisteanna a cuireadh uirthi óna comhscoláire a thuiscint agus a fhreagairt nuair ba chuí ina píosa cainte. Bhí idirghníomhú ar ard-chaighdeán acu.

## Feasacht teanga:

Bhí feasacht teanga agus tuisceana an-mhaith aici ar phatrúin agus ar chomhréir na Gaeilge. Bhí sí ábalta tabhairt faoin bhféincheartú nuair ba ghá.

**Tuairiscín:** Os cionn na n-Ionchas

Thar barr ar fad | Os cionn na n-ionchas | Ag teacht leis na hionchais | Níor chomhlíon na hionchais go fóill